2024/441

5.2.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/441 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Eanáir 2024

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar son na Talmhaíochta agus an Gheilleagair Tuaithe san Eoraip' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 489)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar son na Talmhaíochta agus an Gheilleagair Tuaithe san Eoraip' faoi bhráid an Choimisiúin an 4 Nollaig 2023.

(2) Tá cuspóirí an tionscnaimh mar a chuir na heagraithe in iúl iad roinnte i dtrí sprioc. Leis an gcéad sprioc, 'Talmhaíocht agus Geilleagar Tuaithe na hEorpa a chosaint le creat rialála lárnach', iarann na heagraithe go mbunófar 'creat reachtach cosantach nua' atá bunaithe ar na rudaí seo a leanas: 'tús áite a thabhairt d'úsáid talaimh talmhaíochta do tháirgeadh bia'; 'biafhlaitheas agus slándáil bia' a áirithiú; 'aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa bhiashlabhra agus ar phraghsanna arda'; a áirithiú go mbeidh 'rochtain ag feirmeoirí agus pobail tuaithe ar bhonneagar, iompar, maoiniú, digiteáil, obair, fiontraíocht agus oideachas'.' Leis an dara sprioc, 'Bainistiú uisce a fheabhsú chun tacú le slándáil bia agus Plean Eorpach Hidreolaíoch a bhunú', iarrtar go mbunófar 'Plean Eorpach Hidreolaíoch lena gcinntítear soláthar agus dáileadh uisce idir chríocha uile an Aontais.' Leis an tríú sprioc atá ag an tionscnamh, 'Gníomhaireacht Eorpach don Talmhaíocht agus don Gheilleagar Tuaithe a Bhunú', iarrann na heagraithe go mbunófar 'údarás Eorpach buan' i bhfoirm 'Gníomhaireacht de chuid an Aontais nó Coiste comhairleach ardleibhéil chun faireachán a dhéanamh ar chosaint na Talmhaíochta agus an Gheilleagair Tuaithe i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais.'

(3) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tugtar tuilleadh sonraí maidir le hábhar, cuspóirí agus cúlra an tionscnaimh. Maidir leis an gcéad sprioc atá ag an tionscnamh, creideann na heagraithe 'nach bhfuil straitéis inbhuanaithe agus fadtéarmach á chur ar fáil d'fheirmeoirí na hEorpa le beartais Eorpacha' agus go bhfuil táirgeadh talmhaíochta agus talamh tuaithe 'ag fulaingt de bharr cinntí amhantracha' lena gcuirtear 'iallach ar fheirmeoirí a gcuid talamh talmhaíochta a ionadú le hearnálacha eile nach bhfónann do sprioc na slándála bia a bhaint amach.' Maidir leis an dara sprioc atá ag an tionscnamh, mínítear san iarscríbhinn go bhfuil 'uisce agus ithir shláintiúil shaibhir ríthábhachtach do gheilleagar na tuaithe' agus luaitear inti 'nár éirigh le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a chur de cheangal ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in aibhneacha, locha, inbhir, uiscí cósta agus screamhuiscí glana.' Maidir leis an tríú sprioc atá ag an tionscnamh, luaitear san iarscríbhinn go mbeifí in ann 'deimhin a dhéanamh de go n-urramófaí cearta agus leasanna talmhaíochta agus gheilleagair na tuaithe' i bpróisis cinnteoireachta an Aontais dá mbunófaí 'údarás Eorpach buan' a d'fheidhmeodh 'mar chomhlacht comhairleach ag a mbeadh an ceart chun tuairime i ndáil leis na bearta agus punanna reachtacha a mbíonn tionchar acu ar an talmhaíocht agus ar gheilleagar na tuaithe.'

(4) Mar chuid dá iarratas ar chlárú rinne an grúpa d'eagraithe doiciméad breise a chur isteach ina gcuirtear anailís ar fáil maidir leis na gníomhartha atá beartaithe.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj
([2]) IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/2014-11-20

(5) Maidir leis an gcéad sprioc agus an tríú sprioc atá ag an tionscnamh, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh chun 'Talmhaíocht agus Geilleagar Tuaithe na hEorpa a chosaint le creat rialála lárnach' agus chun 'Gníomhaireacht Eorpach don Talmhaíocht agus don Gheilleagar Tuaithe a Bhunú' bunaithe ar Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta.

(6) Maidir leis an dara sprioc atá ag an tionscnamh, ina n-iarrtar go bhfeabhsófar 'bainistiú uisce chun tacú le slándáil bia' agus go mbunófar 'Plean Hidreolaíoch Eorpach lena gcinntítear soláthar agus dáileadh uisce idir críocha uile an Aontais', tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún tograí le haghaidh gníomhartha dlí a thíolacadh ar bhonn Airteagal 192 CFAE, a mhéid a fhéadfar a mheas go rannchuidíonn na tograí sin le baint amach spriocanna bheartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol mar a leagtar amach in Airteagal 191 CFAE.

(7) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(8) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(9) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(10) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar son na Talmhaíochta agus an Gheilleagair Tuaithe san Eoraip' a chlárú.

(12) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is iad an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus iadsan amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh dar teideal 'Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar son na Talmhaíochta agus an Gheilleagair Tuaithe san Eoraip'.

Airteagal 2

Is chuig an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh ó na saoránaigh dar teideal 'Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar son na Talmhaíochta agus an Gheilleagair Tuaithe san Eoraip' a dhírítear an Cinneadh seo, grúpa a bhfuil Natalia CORBALAN ROMERA agus Adolfo GARCÍA ALBALADEJO ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra *JOUROVÁ*
Leas-Uachtarán